

Achoimre Fheidhmeach an The Cybercrime Judicial Monitor

Dáta:

27 Bealtaine 2021

URL

<https://www.eurojust.europa.eu/cybercrime-judicial-monitor-issue-6>

Cuireann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) an séú saincheist seo den *Cybercrime Judicial Monitor* (CJM) i láthair. Foilsítear an CJM uair sa bhliain agus dáiltear é ar údaráis bhreithiúnacha agus ar údaráis um fhorfheidhmiú dlí atá gníomhach sa réimse a théann chun comhraic le cibearchoireacht agus coireacht chibearchumasaithe. Cuirtear ar fáil é ar bhonn faisnéise arna soláthar ag ball den Ghréasán Breithiúnach Eorpach um Chibearchoireacht (EJCN). Tá gach saincheist CJM ar fáil ar láithreán gréasáin Eurojust.

Mar a bhí sna heagráin den CJM roimhe seo, tá ceithre phríomhchuid san eagrán seo. Clúdaíonn an chéad chuid forbairtí reachtacha i réimse na cibearchoireachta, na coireachta cibearchumasaithe, na fianaise leictreonaí, nó na r-fhianaise, in 2020.

Sa chuid ar anailís bhreithiúnach, cuirtear i láthair anailísí dlíthiúla ar rialuithe arna ndéanamh ag cúirteanna i mBallstáit agus i dtíortha neamh-AE, agus ag cúirteanna Eorpacha. Rialaigh na cúirteanna ar ábhair éagsúla a bhaineann le cibearshlándáil, amhail aisghairm forálacha nua maidir le faireachán ar theachtaireachtaí criptithe (an Ostair); rochtain ar shonraí criptithe ag údaráis um fhorfheidhmiú dlí agus prionsabal *nemo tenetur* (an Bheilg); sciúradh airgid trí ardán um malartú criptea-airgeadra de na fáltais ón mbogearraí éirice Locky (an Fhrainc); agus cuardach agus urghabháil fón póca ina bhfuil cumarsáid a bhaineann le pribhléid ghairmiúil dlíodóra (LPP) (an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine). Tugtar achoimre ghairid freisin ar roinnt rialuithe cúirteanna náisiúnta eile.

Clúdaíonn an chéad chuid eile forbairtí san Aontas Eorpach le bliain anuas maidir le coinneáil sonraí. Tugtar forléargas ar fhorbairtí reachtacha agus cásdlí náisiúnta le déanaí.

I bhfianaise na rialuithe cinniúnacha ó Chúirt Bheithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus gur cosúil go bhfuil méadú ag teacht ar iarratais ó go leor Ballstát creat dlíthiúil comhchuibhithe ar leibhéal AE a bheith ann maidir le coinneáil sonraí, tugtar leis an ábhar spéise san eagrán seo den CJM forléargas ar na príomhrialuithe CJEU go léir go dtí seo maidir le coinneáil sonraí chun críche imscrúduithe coiriúla agus ionchúiseamh. Cuirtear gach ceann de na sé rialú i láthair, lena n-áirítear na ceisteanna a cuireadh faoi bhráid CJEU le haghaidh réamhrailithe agus cinneadh na cúirte.